



Treorlínthe do Thuismitheoirí ar Chomhdháil Físe “Zoom”

Tá muid ag súil roinnt comhdháileacha físe a chur ar siúl le na páistí le linn dhúinn a bheith ag obair ó bhaile. Mothaíonn muid go mbeadh sé tairbheach do na páistí roinnt ama a bheith acu leis an múinteoir agus lena gcairde, ní hamháin dá gcuid foghlama ach dá gcuid folláine chomh maith.

Tá cosaint na bpáistí mar thosaíocht againn i gconaí agus ní bheidh muid ag cur comhdháil físe ar siúl ach faoi choinníollacha slán sábháilte. Déan cinnte go léigheann sibh na treorlínthe seo go mion agus go dtuigeann sibh conas na bogearraí a bhaineann le zoom a úsáid sula gcuirtear tús le aon chomhdháil físe.

Céard é Zoom?

Is coras ar líne é zoom a thugann deis do dhaoine comhdháil físe a bheith acu. Is féidir é seo a dhéanamh le fíis nó gan fíis. Tá app don bhfón agus don ríomhaire ar fáil. Moltar cluasáin a úsáid agus tú i mbun Zoom de bharr go mbíonn an fhuaim níos fearr.

Cé chaoi a n-oibríonn sé?

1. Teigh chuig www.zoom.us agus brú ar an tab “Join a Meeting”. Bíonn an tab seo ag barr an leathnaigh ar thaobh na láimhe deise don leathanach baile.
2. Nuair a chuirtear ceist ort, cuir isteach uimhir an “Meeting ID” agus an pasfhocal. Cuirfidh an múinteoir scoile iad seo chugat i ríomhphost ó ríomhphost na scoile.
3. Freisin, is féidir dul chuig cruinniú zoom tríd nasc i ríomhphost ón scoil.

Iompar

1. Tá gasúir iontacha, múinte agus béasach anseo againn i Scoil Naomh Ciarán. Meabhrú bheag go bhfuil cruinniú Zoom ar nós a bheith istigh sa rang, agus beidh muid ag súil le dea-iompar ar an mbealach céanna is a bhíonn againn ar scoil. Smaoinigh ar na rialacha ranga, agus go bhfuil na rialacha céanna i bhfeidhm is a bheadh in san rang.
2. **Tuismitheoirí / Caomhnóirí:** Socraigh do ríomhaire nó do webcam i spás oscailte i láthair ina bhfuil tú in-ann súil a choimeád ar a gcuid oibre. Moltar gan an seomra codlata a úsáid. Moltar go mbeadh tuismitheoir / caomhnóir sa seomra le linn an glaoch Zoom.
3. Déan iarracht an cúlra a bheith lom go maith, le solas agus fuaim mhaith.
4. Beidh cabhair ag teastáil ó do pháiste ag ullmhú an ríomhaire don chruinniú Zoom. Déan iarracht cleachtadh a bheith agat féin ar Zoom roimh an chéad chomhdháil.
5. **Plé rialacha sábháilteacht ar líne** le do pháiste chun cinntiú go bhfuil a fhios acu céard atá le déanamh má fheiceann/ má chloiseann siad rud éigin nach maith leo/ nach bhfuil feiliúnach. Múch an scailéan ar an bpointe boise agus cur duine fásta ar an eolas láithreach.
6. Má tá aon imní ar do phasite faoi chursaí sábháilteacht ar líne, cuir an scoil ar an eolas láithreach.
7. **Teachtaireachtaí:** Ní bheidh cead ag gasúir teachtaireachtaí a chur ag a chéile tríd Zoom sa “chat box”.
8. **Ag taifead Zoom:** Ní bheidh cead an seisiún Zoom a thaifead de bharr Cosaint Sonraí. (Data protection.) Mar leigheas ar seo, beidh na múinteoirí ag déanamh físeáin éagsúla chun coincheapa mata / gaeilge / béarla a mhúineadh, agus beidh na gasúir in-ann breathnú siar orthú sin arís is arís eile.

Meabhraím dhaoibh ag an am seo freisin a bheith airdealach faoi céard atá do pháiste ag déanamh ar líne. Ar scoil, tá “firewall” agus an “parental control” ar an idirlíon chun cosc a chuir ar íomhanna mí-oiriúnacha agus víreas éagsúla. Ar mhiste libh cinntiú go bhfuil bogearraí frith-víreasacha (Anti-virus protection) agaibh ar bhur ríomhairí sa mbaile. Tá cosaint leanaí fíor-thábhachtach agus muid ag tabhairt aghaidh ar an bhfoghlaím ar líne

Tá muid ar bís sibh a fheiceáil!

Le dea-ghuí,

Éabha, Cáit, Clíona & Seán

